

Ionsamhlúchán maidir le Gníomhú ar son na hAeráide: Soláthar Fuinnimh Neamh-inathnuaite

Do: Príomh-Idirbheartaithe le haghaidh Thionscal an Fhuinnimh Neamh-Inathnuaite

Ábhar: Ullmhúchán don Chruinniú Mullaigh maidir le Gníomhú ar son na hAeráide

Fáilte go dtí an Cruinniú Mullaigh maidir le Gníomhú ar son na hAeráide. Tá cuireadh tugtha ag Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe daoibh agus do cheannairí ó na geallsealbhóirí ábhartha uile oibriú le chéile chun aghaidh a thabhairt go rathúil ar an athrú aeráide. Sa chuireadh sin, chuir an tArdrúnaí [i bhfios](#) gur rás atá á chailleadh againn is ea an éigeandáil aeráide, ach is rás ar féidir linn é a bhuachan é... Is léir ón taighde eolaíoch is fearr go bhfágfaidh aon ardú teochta thar 1.5°C go ndéanfar damáiste mór do-aisiompaithe do na héiceachórais a choinníonn an dé ionainn... Ach is léir dúinn ón taighde eolaíoch freisin nach bhfuil sé ródhéanach.

Tá ar ár gcumas é a chur ina cheart... Ach beidh claochluithe bunúsacha ag teastáil chuige sin i ngach gné den tsochaí – an chaoi a bhfásaimid bia agus a n-úsáidimid an talamh, ár rogha breosla le haghaidh iompair agus ár bhfoinsí cumhachta le haghaidh ár ngeilleagar... Trí ghníomhú le chéile, ní fhágfaimid éinne chun deiridh.

Is é sprioc an chruinnithe mullaigh plean a chruthú chun teorainn is lú ná 2 °C [3.6 °F] os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch a chur leis an téamh domhanda agus iarracht a dhéanamh 1.5 °C [2.7 °F] a bhaint amach, arb iad na spriocanna idirnáisiúnta a aithníodh go foirmiúil i gComhaontú Pháras maidir leis an Athrú Aeráide iad. Níl aon amhras faoin [bhfianaise eolaíoch](#): fágfaidh téamh os cionn na teorann sin go mbeidh iarmhairtí tubaisteacha do-aisiompaithe ann a chuirfidh sláinte, rathúnas agus beatha daoine sna náisiúin uile i mbaol.

Déanann sibh ionadaíocht do thionscal an ghuaill, tionscal na hola, tionscal an gháis nádúrtha agus tionscal na bhfóntas leictreach a sholáthraíonn an chuid is mó d'fhuinneamh an domhain sa lá atá inniu ann. In bhur ngrúpa tá cuideachtaí náisiúnta ola agus gáis a thrádáiltear go poiblí, cuideachtaí guail, fóntais leictreacha atá ag brath ar bhreoslaí iontaise agus gnólaicthe a sholáthraíonn seirbhísí agus trealamh do na tionscail sin.

Tá liosta de bhur dtosaíochtaí beartais thíos. Is féidir libh, áfach, aon bheartas atá ar fáil a mholadh nó a bhlocáil.

- 1. Cur i gcoinne ardphraghas a ghearradh ar an gcarbón** Aithníonn eacnamaithe bhur ngrúpa gurb é an bealach is fearr chun astaíochtaí domhanda a laghdú ná praghsanna breosla iontaise a ardú le gur féidir na costais chomhshaoil agus shóisialta a bhaineann le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a léiriú. Mar sin féin, dhéanfaí dochar do-ghlactha do thionscal na mbreoslaí iontaise dá mbeadh an praghas ar charbón os cionn \$25-30 in aghaidh an tonna de CO₂. Dhéanfaidh sé sin costais a ardú agus an t-éileamh a laghdú, rud a d'fhágfaidh go mbeadh sócmhainní tréigthe ann agus go gcaillfí luach do na scairshealbhoirí. Cé go ndeir roinnt cuideachtaí ola go poiblí go bhfuil siad i bhfabhar praghas a ghearradh ar an gcarbón, tá bhur dtionscal ag leanúint de bheith ag tacú le polaiteoirí a chuireann ina choinne agus a chuireann bac ar ghníomhaíocht. Ba cheart a bheith ag súil leis go gcuirfidh grúpaí eile brú oraibh praghas a ghearradh ar an gcarbón. Ní mór seasamh láidir a ghlacadh in aghaidh an bheartais seo.
- 2. Cur i gcoinne cánacha a ghearradh ar bhreoslaí iontaise.** Ní mian le bhur lucht tionscail a bheith rialáilte ná na costais a bhaineann leis an athrú aeráide a mhaolú a íoc. Ós rud é go bhfuil sibh ag súil le caillteanais shuntasacha ghnó agus an domhan ag aistriú ó úsáid breoslaí iontaise sa chéad aois eile, ní féidir le bhur dtionscal na costais bhreise a sheasamh, costais a dhéanann dochar go héagórach do bhur dtionscal. Go deimhin, d'fhéadfadh sibh a iarraidh go ndéanfaí fóirdheontais ar ghás nádúrtha, rud a chuireann sibh chun cinn mar réiteach sealadach toisc go bhfuil sé níos tiosaí ó thaobh carbóin de i gcomparáid le gual agus ola. Mura féidir rialacháin a

sheachaint, is fearr srian a chur leis an ngual seachas ar an ola nó an gás. Astaíonn gual an méid is mó carbóin nuair a dhóitear é agus níl sé chomh brabúsach céanna agus atá an ola agus an gás.

3. Teicneolaíochtaí nua a chur chun cinn, lena n-áirítear baint theicneolaíoch carbóin, gabháil agus stóráil carbóin (CCS), agus bithbhreoslaí.

Tá bhur dtionscal i bhfabhar úsáid níos mó a bhaint as gás nádúrtha agus bithbhreoslaí, agus tá sé ag tacú le taighde chun teicneolaíocht bainte carbóin a fhorbairt, rud a bhaineann carbón ón atmaisféar agus a dhéanann é a stóráil faoin talamh. *Is féidir bhur gcuid saineolais ar an innealtóireacht mhórsála, an gheolaíocht agus an t-iompar breosla a úsáid maidir leis na breoslaí agus na tionscail sin. Tugann sibh tacaíocht freisin do ghabháil agus stóráil carbóin (CCS) maidir le gual agus gléasraí cumhachta eile, lena n-áirítear bithbhreosla a úsáidtear i dteicneolaíocht ghabhála agus stórála carbóin.* Le gabháil agus stóráil carbóin, d'fhéadfaí 90 % de CO₂, a tháirgtear de thoradh breoslaí iontaise a dhó i ngléasraí cumhachtacha agus mar chuid de phróisis thionsclaíochta, a ghabháil. Ina dhiaidh sin, is féidir CO₂ a leachtú agus a phumpáil faoin talamh chun feabhas a chur ar tháirgeadh ola agus gáis nó, rud nach mbeidh chomh tairbheach sin, é a phumpáil isteach i dtaiscumair, taiscumair a chinntíonn sibh a bheith cobhsaí ó thaobh na geolaíochta de. Má tá sé indéanta agus iomaíoch ó thaobh costais de, bheadh teicneolaíocht bainte carbóin ina cuidiú do bhur dtionscal, toisc go bhféadfaí CO₂ a bhaint den atmaisféar, agus ar an gcaoi sin, na hastaíochtaí a eascraíonn as úsáid breoslaí iontaise a fhritháireamh.

4. Gníomhaíochtaí nach ndéanann difear díreach do bhur dtionscal a spreagadh. Cé go dtuigeann sibh an contúirt a bhaineann leis an athrú aeráide, ní mór daoibh an luach do na scairshealbhóirí a chosaint. Dá bhrí sin, ba cheart daoibh beartais a mholadh lena bhféadfaí astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú gan úsáid breosla iontaise a laghdú. Cé gurb é CO₂ a eascraíonn as úsáid breoslaí iontaise is mó is cúis leis an athrú aeráide, is gáis ceaptha teasa láidre iad meatán (CH₄) agus ocsaíd nítríúil (N₂O) agus tá méadú ag teacht ar a dtionchar. Cuireann cleachtais dhomhanda talmhaíochta agus foraoiseachta go mór leis na hastaíochtaí a eascraíonn as na gáis sin. Tá sibh ag tacú le beartais chun na gáis ceaptha teasa eile sin a laghdú, go háirithe astaíochtaí atá mar thoradh ar úsáid talaímh, an talmhaíocht agus an fhoraoiseacht. Tacaíonn sibh le hiarrachtaí an dífhoraioisiú a laghdú agus talamh a bhí díghrádaithe agus dífhoraioisithe roimhe seo a fhoraoisiú.

Breithnithe breise

Tá bhur gcuid saineolaithe ar an eolaíocht aeráide ar aon intinn leis an bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC) maidir leis an mbagairt a bhaineann leis an athrú aeráide. Ní mór, áfach, cothromaíocht a bhaint amach idir an gá atá ann athrú contúirteach aeráide a chosc agus riachtanais na bpríomhghceallsealbhóirí, an phobail (bhur gcuid custaiméirí), an lucht ceaptha beartas a thugann bhur saoirse oibríochta daoibh, a dhéanann rialáil ar bhur dtionscal agus a dhéanann difear do bhur gcostais oibriúcháin agus, an méid sin a chothromú freisin le bhur gcuid leasa pearsanta airgeadais mar cheannairí ar na gnólachtaí sin.

Soláthraíonn foinsí fuinnimh neamh-inathnuaite, lena n-áirítear, breoslaí iontaise agus fuinneamh núicléach, os cionn 95 % de sholáthar fuinnimh an domhain. Cuireann bhur dtionscal an méid atá ag teastáil ó thomhaltóirí ar fáil agus níor cheart an milleán a leagan air ná pionós a chur air mar gheall ar an athrú aeráide. D'fhéadfadh sé a bheith costasach do thomhaltóirí agus don gheilleagar úsáid breoslaí iontaise a laghdú. Tá bonneagar breoslaí iontaise i bhfeidhm i gcuid mhór den domhan cheana agus tá acmhainneacht fuinnimh iontaise nua á forbairt go tapa i roinnt náisiúin atá i mbéal forbartha. Is réitigh shealadacha iad foinsí in-athnuaite fuinnimh, amhail cumhacht ghaoithe agus cumhacht ghréine, agus ní féidir leo an geilleagar domhanda a chumhachtú go fóill. Is é an seasamh atá ag bhur ngrúpa ná go bhfuil breoslaí iontaise rithábhachtach chun deireadh a chur leis an “mbochtaineacht fuinnimh” agus borradh a chur faoin bhfás eacnamaíoch, go háirithe sna tíortha sin den domhan atá i mbéal forbartha. Ná lig do ghníomhaithe comhshaoil sibh a chur in iúl mar dhaoine nach bhfuil suim acu sa cheartas sóisialta.

Má dhéanfar beartais a thabhairt isteach chun an téamh domhanda a theorannú ag 2 °C, nó gar dó bheidh deacrachtaí airgeadais ag táirgeoirí breoslaí iontaise, lena n-áirítear gnólachtaí guail, ola agus gáis. Beidh ar na gnólachtaí atá ag brath ar bhreoslaí iontaise athchóiriú a dhéanamh orthu féin nó dul

Arna fhorbairt ag Climate Active, MIT Sloan School of Management Sustainability Initiative, ESB Business School, agus ag UMASS Lowell Climate Change Initiative. Meán Fómhair 2019 a tugadh cothrom le dáta go deireanach. www.climateinteractlyve.org

as gnó. Má dhéantar an téamh domhanda a theorannú ag 2°C, ní foláir cuid mhór acmhainní breosla iontaise a fhágáil faoin talamh. Beidh siad ina sócmhainní tréigthe agus ní dhéanfaid siad riamh brabús do scairshealbhóirí ná do rialtais. Caillfear a lán post.

San am céanna, tá a fhios agaibh nach mór astaíochtaí domhanda a chiorrú d'fhonn na tionchair is measa a bhaineann leis an athrú aeráide a sheachaint. Déanann ardú leibhéil na mara, adhairsir agus athruithe sa geopholaitíocht sócmhainní an tsoláthair fuinnimh atá ann cheana agus an geilleagar domhanda a chur i mbaoil. Dá mhéad an dochair a dhéantar don aeráid, is amhlaidh is dóichí go dtabharfar isteach beartais agus rialacháin dhochta a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do thionscal na mbreoslaí iontaise. Agus sibh i mbun gnímh chun teacht roimh bheartais agus rialacháin den chineál seo, ní mór daoibh machnamh a dhéanamh faoin gcaoi a bhféadfadh sibh úsáid a bhaint as bhur mbonneagar, bhur gcaipiteal airgeadais agus bhur saineolas chun dul san iomaíocht – agus maireachtáil – i ndomhan atá ag éirí níos teo.
